Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8779/25**

**EDUC 140**
**JEUN 67**
**SOC 268**
**DIGIT 85**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cleachtais chuimsitheacha fhoghlaimeoir-lárnacha in oideachas agus i gcúram na luath-óige agus san oideachas scoile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí thuasluaite ón gComhairle a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 12 Bealtaine 2025.

Conclúidí ón gComhairle maidir le cleachtais chuimsitheacha fhoghlaimeoir-lárnacha in oideachas agus i gcúram na luath-óige agus san oideachas scoile

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

AGUS É Á MHEABHRÚ AICI na téacsanna a glacadh san Aontas maidir le hoideachas, oiliúint agus ceisteanna sóisialta i gcúrsaí beartais,

LEAGANN SÍ BÉIM AR MÉID SEO A LEANAS:

1. Tá prionsabail an oideachais chuimsithigh bunaithe ar chearta bunúsacha gach foghlaimeora, mar a chumhdaítear iad i gCoinbhinsiún UNESCO in aghaidh Leithcheal san Oideachas, i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

2. Tá ról an oideachais agus na hoiliúna ríthábhachtach chun sochaí chuimsitheach dhaonlathach a chothú agus chun an t-iomaíochas agus an rathúnas a spreagadh. Le sochaí chuimsitheach, bunaithe ar oideachas agus oiliúint atá cothrom agus ar ardchaighdeán, lena gcuirtear bonneagar inrochtana, ábhair theagaisc agus cuir chuige oideolaíocha ar fáil, áirithítear agus feabhsaítear deiseanna, folláine intinne agus coirp, agus fás do gach foghlaimeoir, gan beann ar a gcúlra, a gcumais ná a gcúinsí. Gan oideachas cuimsitheach ann, bíonn teorainn leis an acmhainneacht nuálaíochta agus an dul chun cinn inbhuanaithe, agus trí leas a bhaint as tallann agus peirspictíochtaí éagsúla gach duine aonair, cuirtear feabhas ar an gcomhtháthú sóisialta agus ar an iomaíochas araon.

3. Imríonn oideachas agus cúram na luath-óige agus an t-oideachas scoile ról lárnach trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na neamhionannais shóisialta, agus folláine fhadtéarmach intinne agus coirp á cothú ag an am céanna don duine aonair agus don tsochaí. Le cleachtais chuimsitheacha fhoghlaimeoir-lárnacha in oideachas agus i gcúram na luath-óige agus san oideachas scoile, cuirtear chun cinn an comhionannas deiseanna, an comhtháthú sóisialta agus rannpháirtíocht iomlán gach linbh agus foghlaimeora san oideachas agus sa tsochaí, agus cuirtear lena bhforbairt chuimsitheach phearsanta, mhothúchánach agus shóisialta ag an am céanna. Áirithítear freisin leo go leanfaidh córais oideachais agus oiliúna de bheith athléimneach, inoiriúnaithe agus cothrom, rud a chuirfidh deiseanna ar fáil do gach duine fás agus barr a gcumais a bhaint amach.

4. Tá forbairt tagtha ar choincheap an oideachais chuimsithigh agus ar a chomhtháthú i gcreataí beartais oideachais agus oiliúna na mBallstát agus tá forbairt ag teacht i gcónaí orthu. Táthar ag breathnú níos mó agus níos mó ar an oideachas cuimsitheach mar chur chuige córasach a fhreastalaíonn ar gach foghlaimeoir chun a gceart uilíoch chun oideachais a áirithiú. Is é an sprioc atá ann deiseanna oideachais fóinteacha ar ardchaighdeán agus tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do gach foghlaimeoir i gcomhréir leis an gcéad phrionsabal agus leis an aonú prionsabal déag de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus leis an gcéad tosaíocht straitéiseach den chreat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus lasmuigh de.

CUIREANN SÍ IN IÚL

5. Chun críocha na gconclúidí seo, go dtuigfear na téarmaí ‘oideachas agus cúram na luath-óige’ agus ‘oideachas scoile’ i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le struchtúr gach córais náisiúnta oideachais agus oiliúna.

AITHNÍONN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS:

6. Tá claochlú suntasach ag teacht ar an oideachas agus ar an oiliúint, arna spreagadh ag an dul chun cinn sa teicneolaíocht, cuir chuige nuálacha oideolaíocha atá ag teacht chun cinn agus riachtanais shochaíocha atá ag athrú. Tá na hathruithe sin ag athmhúnlú an teagaisc, na foghlama, an mheasúnaithe agus na meastóireachta, agus béim níos mó á leagan ar chleachtais phearsantaithe, nuálacha, chuimsitheacha agus sholúbtha.

7. Géarchéimeanna a bhí ann le déanaí, lena n-áirítear tubaistí nádúrtha, coinbhleachtaí armtha, mar shampla cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, éagobhsaíocht eacnamaíoch agus éigeandálaí sláinte poiblí, agus suaitheadh polaitiúil agus sóisialta a thugann dúshlán don urraim do dhínit an duine agus dul chun cinn breise chearta an duine atá forleathan sa Limistéar Eorpach Oideachais, bíonn tionchar mór marthanach acu ar chórais oideachais agus oiliúna ar fud na hEorpa. D'fhéadfadh na tosca sin cur isteach ar an bhfoghlaim agus rochtain ar acmhainní a theorannú, agus, dá bhrí sin, neamhionannais a ghéarú.

8. Mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar éagsúlacht na leanaí agus na bhfoghlaimeoirí, tá dúshláin ann do thimpeallachtaí agus scoileanna oideachais agus cúraim luath-óige, rud a léiríonn a thábhachtaí atá sé go dtabharfaí freagairt éifeachtach ar a gcuid riachtanas éagsúil. Ba cheart do na hinstitiúidí sin a bheith níos athléimní, níos inrochtana agus níos cuimsithí chun deiseanna cothroma foghlama agus forbairt iomlánaíoch gach linbh agus gach foghlaimeora a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú leis an gcomhtháthú sóisialta.

9. Tá ceannairí scoile, múinteoirí, oiliúnóirí agus baill foirne eile, lena n-áirítear in oideachas agus i gcúram na luath-óige, ríthábhachtach chun a áirithiú go n-éireoidh leis an oideachas cuimsitheach. Mar sin féin, is dúshlán suntasach fós é gairmithe cáilithe a earcú agus a choinneáil i roinnt mhaith Ballstát, rud a d'fhéadfadh bac a chur ar chur chun feidhme éifeachtach an oideachais chuimsithigh.

AITHNÍONN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS:

10. Tá luathbhlianta an oideachais, go háirithe i dtimpeallachtaí oideachais agus cúraim luath-óige, ríthábhachtach chun bunchloch na foghlama cuimsithí a leagan síos. Sna blianta sin, cothaítear forbairt chuimsitheach phearsanta, mhothúchánach agus shóisialta leanaí, múnlaítear a ndearcadh dearfach i leith na foghlama, spreagtar a bhfiosracht agus déantar an féinmheas a fhorbairt. Is féidir le rochtain chothrom ar oideachas ar ardchaighdeán, luath-idirghabhálacha agus oideolaíochtaí cuimsitheacha feabhas suntasach a chur ar na deiseanna atá ann chun go n-éireoidh le gach leanbh sa saol.

11. Le cleachtais chuimsitheacha fhoghlaimeoir-lárnacha, cuirtear gach duine aonair, lena ndúshláin, a n-ábhair spéise agus a mbuanna féin, i gcroílár an phróisis oideachais, agus úsáidtear modhanna solúbtha oiriúnaitheacha chun bualadh le foghlaimeoirí san áit a bhfuil siad agus chun iad a threorú lena n-acmhainneacht iomlán a fhorbairt agus le go n-éireoidh go maith leo ar scoil, rud a chuireann i gcoinne shrianta na neamhionannas struchtúrach, na norm díobhálach sochaíoch agus na steiréitíopaí díobhálacha.

12. Trína ghné chuimsitheach, is féidir leis an oideachas seachfhoirmiúil rannchuidiú le forbairt agus feabhsú scileanna boga foghlaimeoirí. Tá sé tábhachtach naisc a chruthú idir an t-oideachas foirmiúil agus an t-oideachas seachfhoirmiúil agus tionscnaimh chomhpháirteacha agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha a spreagadh eatarthu.

13. Léiríonn taighde fianaise-shaibhrithe go dtéann an t-oideachas cuimsitheach chun tairbhe do gach foghlaimeoir, ó thaobh feidhmíocht oideachais, forbairt phearsanta, mhothúchánach agus shóisialta agus folláine fhoriomlán intinne agus coirp, agus nuair a chuirtear foghlaimeoirí a bhfuil cúlraí agus cumais éagsúla acu le chéile i seomraí ranga príomhshrutha agus nuair a chomhlíontar a riachtanais trí bhearta tacaíochta sonracha, is mó an seans go bhforbróidh siad caidreamh sóisialta dearfach, féinmheas níos mó agus scileanna réitithe fadhbanna níos láidre, atá ríthábhachtach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus do rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí agus i margadh an tsaothair.

14. Tá rochtain ar shonraí ar ardchaighdeán maidir le torthaí foghlaimeoirí, cleachtais chuimsitheacha agus na bacainní atá roimh fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais oideachais éagsúla agus speisialta acu ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh, chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na mbeartas cuimsitheach oideachais, agus chun a áirithiú go ndéanfar cleachtais scoile a oiriúnú go leanúnach chun freastal ar riachtanais athraitheacha na bhfoghlaimeoirí uile.

15. Tá beartais fhianaise-shaibhrithe lena n-ionchorpraítear sonraí maidir le héifeachtacht na gcleachtas cuimsitheach ríthábhachtach chun ceapadh agus cur chun feidhme córas cuimsitheach oideachais agus oiliúna a threorú ar gach leibhéal agus chun a áirithiú go ndéanfar aon idirghabhálacha a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais éagsúla foghlaimeoirí agus oideachas agus oiliúint ardcháilíochta chothrom á gcur chun cinn ag an am céanna.

16. Tá oideachas tosaigh múinteoirí atá éifeachtach agus ar ardchaighdeán mar aon le forbairt ghairmiúil leanúnach, bunaithe ar fhianaise agus ar dhea-chleachtais chomh maith le riachtanais agus ionchais múinteoirí, bunriachtanach le go mbeidh an t-eolas, na scileanna, na dearcthaí agus na straitéisí riachtanacha teagaisc chun an t-oideachas cuimsitheach a éascú ag ceannairí scoile, múinteoirí, oiliúnóirí agus baill foirne eile, lena n-áirítear in oideachas agus i gcúram na luath-óige. Áirítear leis sin é a chur ar a gcumas dóibh teicneolaíochtaí cúnta eiticiúla agus sábháilte a úsáid chun tacú le leanaí agus foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais éagsúla acu i ngrúpaí príomhshrutha i dtimpeallachtaí oideachais agus cúraim, seomraí ranga agus scoileanna na luath-óige.

17. Chun prionsabail chuimsitheacha oideachais a chomhtháthú i gcórais oideachais agus oiliúna, tá gá le cur chuige cuimsitheach uilescoile ina ndéantar próisis foghlama, cleachtais teagaisc, modhanna measúnacháin, timpeallacht na scoile agus seirbhísí tacaíochta a ailíniú le gur féidir leis na foghlaimeoirí ar fad taithí chuimsitheach oideachais a bheith acu, mar aon le folláine intinne agus coirp, agus inar léiriú iad ceannairí scoile, múinteoirí, oiliúnóirí agus baill foirne eile ar éagsúlacht na sochaí.

Á CHUR SAN ÁIREAMH DI

18. A thábhachtaí atá cleachtais oideachais chuimsitheacha bunaithe ar chur chuige foghlaimeoir-lárnach, lena gcuirtear san áireamh riachtanais, leasanna agus stíleanna foghlama éagsúla gach duine aonair, ó oideachas agus cúram na luath-óige go dtí an t-oideachas scoile.

19. A thábhachtaí atá sé díorma foirne teagaisc éagsúlaithe agus cáilithe a bheith ann chun torthaí foghlama a fheabhsú do gach foghlaimeoir agus rannchuidiú na dtosca sin leis an gcomhtháthú sóisialta agus le forbairt sochaithe daonlathacha.

20. A thábhachtaí atá sé go ndéanfaí cumarsáid agus comhar le gach teaghlach, tuismitheoir nó caomhnóir dlíthiúil chun a áirithiú go ndéanfar cinntí ar mhaithe le leas an linbh.

21. A riachtanaí atá sé go leanfaí de bheartais agus cleachtais fhianaise-shaibhrithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar bhealach sistéamach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais athraitheacha agus éagsúla leanaí agus foghlaimeoirí, in oideachas agus i gcúram na luath-óige agus freisin san oideachas scoile, agus a áirithiú ag an am céanna go léiríonn na cuir chuige sin an taighde is déanaí atá ábhartha do réimse an oideachais agus na hoiliúna.

TARRAINGÍONN SÍ AIRD AR a riachtanaí atá sé

22. A áirithiú go ndéanfar riachtanais éagsúla foghlaimeoirí a shainaithint go leordhóthanach agus go luath d'fhonn timpeallachtaí foghlama cuimsitheacha agus sábháilte a chruthú lena spreagfar rannpháirtíocht na bhfoghlaimeoirí uile in oideachas agus in oiliúint chothrom ardcháilíochta agus éagsúlacht agus luachanna coiteanna Eorpacha á n-urramú agus an daonnachas digiteach á gcur chun cinn.

23. Dul i ngleic le riachtanais éagsúla foghlaimeoirí trí bhearta tacaíochta leordhóthanacha fianaise-shaibhrithe a chur ar fáil, agus an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí a thabhairt d'fhoghlaimeoirí chomh maith le ceannairí scoile, múinteoirí, oiliúnóirí agus baill foirne eile le go mbeidh siad in ann aitheantas a thabhairt don éagsúlacht agus luach a chur uirthi agus comhtháthú sóisialta, comhionannas, sásamh pearsanta agus saoránacht ghníomhach a chothú.

24. An taighde agus córais láidre bailithe sonraí agus fiosrúcháin a fhorbairt agus a neartú laistigh de réimse an oideachais agus cúraim chuimsithigh luath-óige agus scoile mar threoir le gur féidir cuir chuige chuimsitheacha éifeachtacha agus éifeachtúla a roghnú ar bhealach straitéiseach.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

25. Leanúint de straitéis chomhtháite chuimsitheach a fhorbairt, i gcás inarb ábhartha, le haghaidh rathúlacht scoile agus le haghaidh beartais chuimsitheacha lena gcuirfear rannpháirtíocht ghníomhach gach linbh agus gach foghlaimeora chun cinn, lena n-áiritheofar rochtain chothrom ar oideachas agus ar chúram na luath-óige ar ardchaighdeán agus ar oideachas scoile ar ardchaighdeán agus lena mbainfear bacainní den fhoghlaim.

26. Cuir chuige agus straitéisí teagaisc agus measúnacháin fhoirmithigh a chothú atá spriocdhírithe, solúbtha, difreáilte agus pearsantaithe chun freastal ar riachtanais éagsúla ionas go dtacóidh timpeallachtaí oideachais le rannpháirtíocht iomlán gach foghlaimeora, gan beann ar a dtúsphointe.

27. Trí chur chuige uilescoile, cultúir agus cleachtais chuimsitheacha in oideachas agus cúram na luath-óige agus i scoileanna a fhorbairt a thuilleadh lena n-urramaítear agus lena gcuirtear luach ar an éagsúlacht, lena gcuirtear urraim do gach duine aonair agus eiseamláirí ó gach cúlra chun cinn agus lena spreagtar cuir chuige chomhoibríocha i leith na foghlama, ina n-oibríonn leanaí, foghlaimeoirí, teaghlaigh, tuismitheoirí nó caomhnóirí dlíthiúla, ceannairí scoile, múinteoirí, oiliúnóirí agus baill foirne eile, cuir i gcás foirne tacaíochta agus foirne speisialaithe, lena n-áirítear in oideachas agus cúram na luath-óige, le chéile chun pobail foghlama thacúla a chruthú, ina bhfreastalaítear ar riachtanais foghlama agus folláine intinne agus coirp gach duine.

28. A áirithiú go ndéanfar iarrachtaí chun dearcthaí agus tuairimí uile na bhfoghlaimeoirí a ionchorprú i gcúrsaí oideachais a bhaineann leo d'fhonn go mbraithfidh siad gur féidir leo gníomhú agus go bhfuil áit acu agus, ag an am céanna, go mothóidh siad rannpháirteach agus go bhfuil baint acu le próisis dhaonlathacha.

29. Rannpháirtíocht níos leithne teaghlach, tuismitheoirí nó caomhnóirí dlíthiúla a spreagadh i dtimpeallachtaí agus scoileanna oideachais agus cúraim luath-óige chun tacú le haithint riachtanais agus cumais a leanaí agus a gcúlra socheacnamaíoch agus cultúrtha, agus leas an linbh á chur san áireamh ag an am céanna.

30. Féachaint an bhféadfaí infheistíocht a dhéanamh in oideachas tosaigh múinteoirí agus san fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus i dtacaíocht do cheannairí scoile, múinteoirí, oiliúnóirí agus baill foirne eile, cuir i gcás foirne tacaíochta agus foirne speisialaithe, chun a áirithiú go mbeidh an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí acu chun cleachtais chuimsitheacha teagaisc agus mheasúnacháin a chur chun feidhme, riachtanais éagsúla foghlaimeoirí a aithint agus gníomhú dá réir agus timpeallachtaí foghlama tacúla a chothú.

31. Cur leis na struchtúir atá ann cheana chun ualaí breise riaracháin a sheachaint, iarrachtaí a neartú chun sonraí a bhailiú agus a anailísiú maidir le cleachtais chuimsitheacha agus torthaí foghlama do gach foghlaimeoir, agus aird ar leith á tabhairt orthu siúd ó chúlraí tearcionadaithe agus imeallaithe agus orthu siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus lipéadú agus stiogmatú á seachaint ag an am céanna, chun a áirithiú go mbeidh na beartais á saibhriú le fianaise iontaofa, cothrom le dáta.

32. Tacú le hanailís a dhéanamh ar chleachtais chuimsitheacha éifeachtacha agus le taighde a aistriú go straitéisí praiticiúla don chuimsiú, lena n-áiritheofar go mbeidh na straitéisí sin ábhartha don chomhthéacs agus inoiriúnaithe do thimpeallachtaí oideachais éagsúla.

33. Úsáid eiticiúil shábháilte teicneolaíochtaí cúnta agus uirlisí digiteacha a spreagadh, i gcás inarb iomchuí, agus leas á bhaint as deiseanna nua na hintleachta saorga chun inrochtaineacht a fheabhsú agus torthaí foghlama a fheabhsú d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais éagsúla acu agus cothromas rochtana ar na teicneolaíochtaí agus ar na huirlisí sin a chur chun cinn.

34. An comhar a chur chun cinn a thuilleadh idir lucht ceaptha beartas, taighdeoirí, daoine óga, ceannairí scoile, múinteoirí, oiliúnóirí agus baill foirne eile, lena n-áirítear in oideachas agus i gcúram na luath-óige, agus páirtithe leasmhara eile chun a áirithiú go ndéanfar cleachtais fhianaise-shaibhrithe a chomhroinnt, a mheas agus a chur chun feidhme ar fud na gcóras oideachais agus oiliúna.

35. An comhar a chur chun cinn idir institiúidí agus scoileanna oideachais agus cúraim luath-óige agus institiúidí ardoideachais agus taighde chun modhanna nuálacha, fianaise-shaibhrithe, cuimsitheacha agus foghlaimeoir-lárnacha a fhorbairt, ar modhanna iad lena dtacaítear le ceannairí scoile, múinteoirí, oiliúnóirí agus baill foirne eile, lena n-áirítear in oideachas agus i gcúram na luath-óige, ina gcuid oibre.

36. Comhpháirtíochtaí idir institiúidí agus scoileanna oideachais agus cúraim luath-óige, seirbhísí sóisialta, soláthraithe cúraim sláinte, eagraíochtaí óige agus eagraíochtaí pobail a neartú chun tacú le forbairt iomlánaíoch leanaí agus foghlaimeoirí, agus aghaidh á tabhairt ar thosca oideachais agus ar thosca socheacnamaíocha a mbíonn tionchar acu ar a dtorthaí foghlama agus ar a bhfolláine intinne agus coirp.

37. Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht beartas agus cleachtas cuimsitheach oideachais trí úsáid a bhaint as raon modhanna, lena n-áirítear aiseolas ó fhoghlaimeoirí, ó cheannairí scoile, ó mhúinteoirí, ó oiliúnóirí agus ó bhaill foirne eile, lena n-áirítear in oideachas agus i gcúram na luath-óige, agus ó theaghlaigh, ó thuismitheoirí nó ó chaomhnóirí dlíthiúla, agus coigeartuithe á ndéanamh de réir mar is gá chun feabhas leanúnach a áirithiú.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

38. Leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit ina n-iarrachtaí cleachtais chuimsitheacha oideachais a chur chun feidhme trí chistiú ón Aontas ar gach bealach atá ar fáil, gan dochar don chaibidlíocht maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2027 agus trí acmhainní a fhorbairt lena gcuirtear beartais chuimsitheacha fhianaise-shaibhrithe chun cinn, agus leas á bhaint, i measc nithe eile, as saineolas an Bhuanghrúpa maidir le Táscairí agus Tagarmharcanna.

39. Leanúint de thacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit i ngníomhaíochtaí piarfhoghlama, lena gcruthaítear deiseanna chun fianaise an taighde a fhiosrú agus chun foghlaim ó thaithí maidir le hathrú agus nuálaíocht a chur chun cinn ar fud na gcóras oideachais agus oiliúna.

40. Leanúint de stór beartas agus cleachtas éifeachtach éifeachtúil atá bunaithe ar thaighde a fhorbairt maidir leis an oideachas cuimsitheach, ag tógáil ar na hacmhainní atá ann cheana, mar shampla an tArdán Eorpach um Oideachas Scoile, agus é mar aidhm tacú le ceannairí scoile, múinteoirí, oiliúnóirí agus baill foirne eile, lena n-áirítear in oideachas agus i gcúram na luath-óige chomh maith le beartas áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta chun torthaí a fheabhsú do gach leanbh agus foghlaimeoir.

41. Tuilleadh comhair agus sineirgí a lorg le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le gníomhaireachtaí neamhspleácha agus le páirtithe leasmhara idirnáisiúnta ábhartha eile, cuir i gcás an Ghníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus um Oideachas Cuimsitheach, ECFE, an Cumann Idirnáisiúnta um Meastóireacht ar Ghnóthachtáil Oideachais, UNESCO, UNICEF agus an Córas Staidrimh Eorpach chun an fhianaise a bhaineann le hoideachas cuimsitheach a neartú, agus cruthú struchtúr nua á sheachaint ag an am céanna.

42. Na conclúidí seo a chur san áireamh agus gníomhaíochtaí á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme i réimse an oideachais chuimsithigh agus prionsabal na coimhdeachta á urramú ag an am céanna.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AGUS AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

43. Leanúint d’acmhainneacht iomlán chlár Erasmus+ a úsáid chun tacú leis an oideachas cuimsitheach trí thionscadail, cleachtais agus uirlisí oideolaíocha i ngach gné dá chuid agus ina ghníomhaíochtaí uile, agus an leas is fearr is féidir a bhaint as cur chuige cuimsitheach an chláir i leith na soghluaisteachta foghlama ionas go soláthróidh sé fíorathrú ar fud na gcóras oideachais agus oiliúna.

44. Gealltanas a thabhairt go leanfaidh an t-oideachas cuimsitheach de bheith ina thosaíocht ar leibhéal an Aontais i réimse an oideachais agus na hoiliúna, rud a chuideoidh leis an Limistéar Eorpach Oideachais agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach go hiomlán, go háirithe Sprioc 4 (Oideachas ar Ardchaighdeán).

45. Leanúint den idirphlé agus den chomhar idir na páirtithe leasmhara uile ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta in earnáil an oideachais agus na hoiliúna chun córais oideachais agus oiliúna atá cuimsitheach, cothrom agus foghlaimeoir-lárnach a chruthú lena dtacaítear le forbairt na bhfoghlaimeoirí uile.